Beathaí nua curtha le ainm.ie

Cuireadh dornán beathaí nuascríofa leis an suíomh beathaisnéisí Gaeilge, www.ainm.ie le deireanas. Ina measc, tá cuntais ar an sárscoláire **P.L. Henry** (1918–2011); ar **Neans Uí Bhraonáin** (1936–2013) ón Rinn a raibh an-chur amach aici ar chultúr agus ar oidhreacht an cheantair sin; ar an pholaiteoir **Ruairí Ó Brádaigh** (1932–2013); ar **Fheardorcha Ó Colla** (1942–2013), an ceannródaí craoltóireachta agus gníomhaí pobail as Gaoth Dobhair; ar an seanchaí cáiliúil as Rann na Feirste, **Seán Ó Duibheannaigh** (John Ghráinne) (1920–2013); ar **Thom Bheartla Ó Flaithbheartaigh** (1926–2013), seanchaí clúiteach as Cois Fharraige; agus ar **Mháirtín Ó Gacháin** (1882–1959), ón bhFód Dubh, múinteoir taistil le Conradh na Gaeilge a chuir an Ghaeilge chun cinn i dTír Eoghain agus i Ros Comáin.

Nótaí d'eagarthóirí:

Mórshaothar luachmhar léinn é an cnuasach beathaisnéisí ar-líne www.ainm.ie, a chuimsíonn breis is 1,700 beathaisnéis ó 1560 go dtí an lá inniu. Tá an tionscadal beathaisnéisí Gaeilge seo á fhorbairt ag Fiontar, DCU, ó 2009 i leith, i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht agus le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, údair na naoi n-imleabhar a d'fhoilsigh An Clóchomhar idir 1986 agus 2007 faoin teideal *Beathaisnéis*.

Tá 1.3 milliún focal i gcló sna himleabhair chlóite *Beathaisnéis*. Rinne Fiontar digitiú ar an ábhar seo agus cruthaíodh bunachar sonraí as. Foilsíodh ar líne é nuair a seoladh www.ainm.ie in 2011.

Bunaíodh painéal comheagarthóirí in Eanáir 2013 le cuid de na seanbheathaisnéisí a nuashonrú agus cinn úra a scríobh. Ba iad Mártan Ó Ciardha agus Fionntán de Brún a sholáthair na cuntais seo ar bheathaí na ndaoine thuasluaite.

Tuilleadh eolais ar fáil ó ainm@dcu.ie nó (01) 700 6577.

DCU

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

Le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta
Supported by National Lottery
bring dreams to life